museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

# Coimeádaí Cúnta Grád II
# Rannán Shaol na Tuaithe

Tá iarratais á lorg ag **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ó iarrthóirí oiriúnacha chun post **Choimeádaí Rannán Shaol na Tuaithe** a líonadh ag **Ard-Mhúsaem na hÉireann – Saol na Tuaithe, Páirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.** Conradh téarma socraithe dhá bhliain é seo.

**Gearrchuntas ar an bpost:**

Beidh tú freagrach as dualgais ghinearálta choimeádta ar Rannán Shaol na Tuaithe le tagairt go sonrach do choimeád, fáil, clárú, léiriú, taighde, taispeáint agus foilsiú déantán ó na bailiúcháin.

Is cnuasach eitneagrafaíochta é Cnuasach Shaol na Tuaithe a léiríonn cultúr na hÉireann trí na gnáthrudaí laethúla a úsáideadh in Éirinn san am a chuaigh thart agus go dtí an lá atá inniu ann. San áireamh tá rudaí a bhaineann le Talmhaíocht, Muirí, Iompar, Éadaí, Féilire Custaim, Spórt, Fóillíocht agus an Baile agus ábhar cartlainne agus leabharlainne eile a bhaineann leis na nithe thuas go léir.

## <u>TREORACHA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH</u>

Iarrtar ort d'iarratas a chur isteach ar an roinn folúntas ar **láithreán Gréasáin Ard-Músaem na hÉireann:** https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais (Aguisín 4) a líonadh isteach agus CV suas chun dáta agus litir chlúdaigh a chur isteach leis. **<u>Iarraimid ort gach ceann de na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach i bhfoirm PDF amháin.</u>**

Caithfear gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt agus iad a chlóscríobh. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa ná le hiarratais san fhormáid mhícheart. Mura ndéantar, féachfar air mar iarratas neamhiomlán agus ní chuirfear san áireamh é.

Tosaigh an próiseas iarratais ar ár leathanach Vacancies .

Céimeanna an iarratais:

- Gabh chuig an leathanach Vacancies agus roghnaigh an post ar a bhfuil tú ag cur isteach.
- Léigh an Leabhrán Eolais chun sonraí uile an phoist a fháil.
- Feicfear na doiciméid a theastóidh don iarratas ar an leathanach seo i bhfoirm nasc.
- Cliceáil gach doiciméad, a osclóidh i bhfuinneog nua. Íoslódáil/Sábháil gach doiciméid ar do ríomhaire/do ghléas.
- Líon isteach na doiciméid riachtanacha, agus déan **PDF amháin** de na doiciméid, do CV agus do litir chumhdaigh.
- Agus é sin déanta, fill ar shuíomh gréasáin an Ard-Mhúsaeim agus críochnaigh an próiseas iarratais.
- Arís, gabh chuig an leathanach Vacancies roghnaigh an post a bhfuil tú ag cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Apply Now**.
- Líon isteach an fhoirm.
- Uaslódáil do PDF amháin.
- Déan an tseiceáil Captcha agus ansin cliceáil **Submit Your Application**.

Tabhair **seoladh monatóirithe bailí ríomhphoist.** Úsáidfear an seoladh ríomhphoist chun d’iarratas a admháil agus mar phríomh-mhodh teagmhála le hiarratasóirí.

## An Dáta Deiridh d’Iarratais

# Ní mór iarratais a bheith faighte ar a 5 a chlog tráthnóna Dé hAoine 26 Lúnasa 2022

**Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.** Cloífear go docht leis an dáta agus an am deiridh, agus mar sin is faoin iarratasóir a bheidh sé a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas roimh an sprioc-am.